**Ciorclán 0003/2026**

**GABHANN AN CIORCLÁN SEO IN IONAD NA GCIORCLÁN UILE A EISÍODH ROIMHE SEO I NDÁIL LEIS AN SCÉIM SEO**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna.**

# Scéim Aisíoctha Táillí Múinteoirí 2025

***BA CHEART AON CHEISTEANNA A CHUR AR AN DUINE SEO:***
An Riarthóir, Scéim Aisíoctha Táillí Múinteoirí
Ionad Tacaíochta Oideachais an Chláir
Tithe an Rialtais, Bóthar Chill Rois, Inis,
Co. an Chláir V95 F782
Teil.: (065) 684 5500
RÍOMHPHOST: *teacherfeerefund@clareed.ie*

**Ní ghlacfar le hiarratais ach amháin i gcás táillí a thabhaítear i ndáil le Cúrsaí/Cuid de chúrsaí a críochnaíodh sa tréimhse 1 Meán Fómhair 2024 go 31 Lúnasa 2025**

## Réamhrá agus Cuspóir

Is é cuspóir an chiorcláin seo ná na forálacha lena gcinntear feidhmiú na *Scéime Aisíoctha Táillí Múinteoirí* a leagan amach le haghaidh údaráis bhainistíochta scoileanna, príomhoidí agus múinteoirí. Tarraing aird na mball foirne teagaisc uile i d’eagraíocht, lena n-áirítear iad sin atá ar saoire, ar iasacht nó ar shos gairme, ar an gciorclán seo.

Tá sé mar chuspóir leis an *Scéim Aisíoctha Táillí Múinteoirí* aisíocaíocht pháirteach a sholáthar le haghaidh an chostais a bhaineann le táillí cúrsa agus le táillí scrúdaithe ar chúrsa(í) foghlama gairmiúla múinteoirí a chur i gcrích go rathúil (i gcás go maireann an cúrsa fad is mó ná bliain amháin, soláthraítear cistiú tráth chur i gcrích rathúil gach bliana den chúrsa). Tá an cistiú ar fáil do chúrsaí atá ábhartha go díreach do scoileanna, agus a théann chun tairbhe dóibh go díreach, agus atá faoi réir deimhniú/dámhachtain ag údarás creidiúnúcháin cuí atá aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Óige.

Baineann an *Scéim Aisíoctha Táillí Múinteoirí* le hiarratais ó dhaoine aonair amháin agus ní fhéadfaidh scoileanna ná aon fhostóirí eile aisíocaíochtaí a éileamh.

Tá an scéim seo faoi réir athbhreithniú agus is féidir go dtabharfar athruithe isteach sula mbeidh an scéim oscailte arís d'iarratais (i.e., sula lorgófar iarratais ar aisíoc táillí i ndáil leis an gcéad bhliain acadúil eile).

## Múinteoirí atá Incháilithe

Is incháilithe le haghaidh iarratas a dhéanamh ar chistiú faoin scéim atá múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile atá ar seirbhís faoi láthair, atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta, a n-íocann an Stát iad agus atá fostaithe i mbunscoil nó iar-bhunscoil atá aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Óige. Áirítear leo sin múinteoirí lánaimseartha buana, múinteoirí lánaimseartha sealadacha, múinteoirí páirtaimseartha, múinteoirí atá ag postroinnt, múinteoirí ionaid, múinteoirí atá ar chonradh tréimhse éiginnte agus múinteoirí atá ar chonradh téarma shocraithe atá fostaithe ar feadh na scoilbhliana ar fad agus a sholáthraíonn seirbhís teagaisc le linn gach seachtaine scoile. *Tá an liosta de bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna aitheanta ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne. Féach: https://www.gov.ie/en/service/find-a-school/*

Is incháilithe le haghaidh iarratas a dhéanamh faoin scéim atá múinteoirí lánchláraithe atá ar iasacht laistigh den earnáil oideachais.

Maidir le múinteoirí a bhí ar shos gairme/ar shaoire neamhíoctha le linn na scoilbhliana 2024/25, níl siad incháilithe le haghaidh iarratas a dhéanamh ar aisíoc táillí ach amháin ar fhilleadh ar an scoil dóibh agus ní fhéadfar an aisíocaíocht a dhéanamh ach amháin i leith táillí a tabhaíodh idir an 1 Meán Fómhair 2024 agus an 31 Lúnasa 2025.

## Cúrsaí nach bhfuil Incháilithe faoin Scéim

- Ní sholáthrófar cistiú faoin *Scéim Aisíoctha Táillí Múinteoirí* do chúrsaí arb é an toradh atá orthu ná cáilíocht a bhfuil liúntas le híoc ina leith.
- Ní incháilithe le haghaidh na scéime atá cúrsaí a fhaigheann lánchistiú nó páirtchistiú ón Roinn Oideachais agus Óige nó ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta cheana féin, bíodh sé go díreach nó go hindíreach.
- Ní chisteofar ón scéim seo aon easnaimh sna cáilíochtaí is gá le haghaidh aitheantas iomlán mar mhúinteoir bunscoile nó iar-bhunscoile.

## Cúrsaí Cáilitheacha

- Ba cheart na cúrsaí a cháilíonn a bheith ábhartha go díreach do scoileanna, do lucht bainistíochta scoile nó do mhúinteoirí, nó ba cheart dul chun tairbhe dóibh go díreach dá mbarr, agus ba cheart tionchar dearfach a bheith acu sa deireadh ar an teagasc, ar an bhfoghlaim agus ar an measúnacht. Is é an Coiste Stiúrtha a dhéanfaidh cinntí críochnaitheacha ar a ábhartha atá cúrsaí ar leith.
- Ba cheart cúrsaí a bheith faoi réir deimhniú/dámhachtain ag údarás creidiúnúcháin cuí atá aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Óige chun críche na scéime seo.

## Cúrsaí Dioplóma

- Tríd is tríd, is incháilithe faoin *Scéim Aisíoctha Táillí Múinteoirí* a bheidh cúrsaí dioplóma agus teastais aitheanta atá creidiúnaithe mar atá thuas.
- Más rud é gur cuireadh an bhliain deiridh den chúrsa i gcrích, ní mór cóip den teastas dioplóma iarbhír a bheith ag gabháil le d’iarratas ar líne.
- I gcás na mblianta san idirthréimhse, ní mór tras-scríbhinn de thorthaí mheasúnú na bliana ábhartha a bheith ag gabháil le d’iarratas ar líne.

## Cúrsaí a Chur in Ord Tosaíochta

Chun tús áite a thabhairt d’fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí i réimsí atá nasctha go soiléir leis an bhfoghlaim, leis an teagasc agus leis an measúnacht, leithdháiltear 80% den chistiú ar chláir ábhartha ar aon dul leis na tosaíochtaí beartais sna príomhréimsí seo a leanas:

a) Uasoiliúint do mhúinteoirí iar-bhunscoile atá ann cheana arb é an toradh atá uirthi ná clárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta in ábhar breise, chun tacú leis an soláthar múinteoirí ar an leibhéal iar-bhunscoile.

b) Cuimsiú agus dul i ngleic le míbhuntáiste, idirdhealú agus neamhionannas, lena n-áirítear oiliúint ar fheasacht chultúrtha amhail an oiliúint a bhaineann le cultúr an Lucht Siúil agus na Romach.

c) Folláine a chur chun cinn (ar aon dul leis an Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019-2023).

d) Teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnacht lena n-áirítear Intleacht Shaorga ar aon dul leis an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027 agus Treoir na Roinne Oideachais agus Óige maidir le hIntleacht Shaorga (IS) i Scoileanna.

e) Scileanna litearthachta agus uimhearthachta a uasoiliúint.

f) Tionscnaimh churaclaim arna sainaithint ag an Roinn Oideachais agus Óige (agus nach mór a bheith formhuinithe ag lucht bainistíochta scoile an mhúinteora is iarratasóir) mar a leanas:

1. Litearthacht sa mheasúnacht a fheabhsú.
2. Oideachas i réimse na hinbhuanaitheachta.
3. Uasoiliúint do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile i soláthar Gaeilge.
4. Feabhas a chur ar eispéiris agus torthaí foghlaimeoirí do scoláirí a bhfuil cumais ar leith.
5. Eispéiris agus torthaí foghlaimeora a fheabhsú do mhic léinn a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu.
6. Foghlaim agus teagasc teanga ag díriú ar mhuinín agus ar inniúlacht mhúinteoirí agus daltaí araon, i gcomhréir le straitéis na Nuatheangacha Iasachta agus Déanann Teangacha Nasc – Straitéis do Theangacha Iasachta in Éirinn 2017-2026.

Leithdháilfear an 20% atá fágtha den chistiú chun aisíoc táillí a sholáthar le haghaidh cúrsaí nach bhfuil nasctha go díreach leis na réimsí thuas ach a chomhlíonann na critéir incháilitheachta dá ainneoin sin.

### Iarratais ar an Scéim Aisíoctha Táillí Múinteoirí

- Is é Ionad Tacaíochta Oideachais an Chláir a riarann an scéim thar ceann na Roinne Oideachais agus Óige.
- Ní mór do mhúinteoirí iarratas a dhéanamh, ar chead a fháil óna bPríomhoide agus a mBord Bainistíochta agus/nó óna mBord Oideachais agus Oiliúna, trí úsáid a bhaint as an bhfoirm iarratais ar líne, rud is féidir a rochtain ag an seoladh seo:

| |
|---|
| **https://teacherfeerefund.com/** |

- Ní ghlacfar le hiarratais ach amháin le haghaidh cúrsaí/cuid de chúrsaí a cuireadh i gcrích sa tréimhse **ón 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an 31 Lúnasa 2025.**
- Is é an **Dé Céadaoin 04 Márta 2026 ag 3pm** an dáta deiridh a ghlacfar le hiarratais. Admhófar na hiarratais uile arna bhfáil.
- I gcás go maireann an cúrsa fad is mó ná bliain amháin, ní mór iarratais a dhéanamh tar éis chur i gcrích rathúil gach bliana.
- Éileofar ar iarratasóirí freisin fianaise dhoiciméadach a sholáthar ó sholáthraí an chúrsa (an tÚdarás Creidiúnúcháin nó an Institiúid Tríú Leibhéal) ina ndeimhnítear na nithe seo a leanas:

  a) teideal oifigiúil an chúrsa;
  b) cur i gcrích rathúil an chúrsa nó na bliana den chúrsa ag an iarratasóir;
  c) torthaí scrúdaithe an iarratasóra.

  Tabhair faoi deara: Ba leor cóip den tras-scríbhinn oifigiúil má chomhlíonann sí gach ceann de na ceanglais thuas.

- Tá sé de fhreagracht ar na hiarratasóirí uile a chinntiú go bhfuil an fhoirm iarratais comhlánaithe go hiomlán agus sínithe agus go bhfuil na doiciméid ábhartha ar fad ag gabháil léi.
- Tá sé de fhreagracht ar na hiarratasóirí uile a chinntiú gur cruinn atá an fhaisnéis atá tugtha san fhoirm iarratais. Tabhair faoi deara go bhféadfadh go ndéanfadh an fhaisnéis atá tugtha, go háirithe maidir leis an aicmiú cúrsaí de réir réimsí tosaíochta, difear a dhéanamh don aisíocaíocht chéatadánach a gheobhaidh iarrthóir rathúil.

**Forchoimeádann Ionad Tacaíochta Oideachais an Chláir agus an Roinn Oideachais agus Óige an ceart chun doiciméid bhunaidh a iarraidh ag am ar bith.**

**NÍ GHLACFAR LE hIARRATAIS ATÁ DÉANACH NÓ NEAMHIOMLÁNA**.

## An Coiste Achomhairc

- Déanfaidh Coiste Achomhairc a chuimsíonn baill de Rannóg Oideachais Múinteoirí agus Cigireacht na Roinne Oideachais agus Óige breithniú ar

achomhairc ó iarratasóirí nár ceadaíodh na hiarratais uathu le linn an ghnáthphróisis iarratais.

- **Ní mór** achomhairc in aghaidh cinntí **a fháil i bhformáid ríomhphoist i mbosca isteach tfrsappeals@education.gov.ie laistigh de cheithre seachtaine oibre** ón dáta a eisíodh an fógra faoin gcinneadh.
- Ní mór na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh san achomharc a cuireadh isteach le ríomhphost:
    - Ráiteas ón achomharcóir ina mionsonraítear na forais achomhairc.
    - Cóip den chomhfhreagras a fuarthas ó Ionad Tacaíochta Oideachais an Chláir inar deimhníodh gur diúltaíodh don iarratas.
    - Cóip den fhoirm iarratais ar líne.
- Ní forais achomhairc iad iarratais atá déanach, neamhiomlán nó neamhshínithe.
- Is faoi réir fíorú atá an fhaisnéis agus na doiciméid uile atá mar thaca le hachomharc.
- Is cinntí críochnaitheacha iad cinntí ón gCoiste Achomhairc.

## Na Suimeanna is Iníoctha le hIarratasóirí

- Maidir le hiarratasóirí rathúla ar chistiú faoin Scéim Aisíoctha Táillí Múinteoirí, dámhfar aisíocaíocht **pháirteach** dóibh i leith na dtáillí atá íoctha acu. Bíonn an céatadán de tháillí a aisíoctar faoin scéim ag brath ar an gcistiú atá ar fáil agus ar an líon iarratasóirí cáilitheacha in aon bhliain ar leith.
- Is trí Ríomhaistriú Airgid a dhéanfar íocaíocht le hiarratasóirí rathúla. Tabhair do mhionsonraí bainc chun é sin a éascú. Cuirfidh Ionad Tacaíochta Oideachais an Chláir prótacail chuí slándála sonraí i bhfeidhm maidir le húsáid na sonraí sin. Déantar iarratais ar chistiú faoin *Scéim Aisíoctha Táillí Múinteoirí* go cúlghabhálach le haghaidh cúrsa a rinneadh le linn na bliana acadúla roimhe.
- Chun go mbeidh an t-iarratasóir incháilithe le haghaidh aisíoc táillí, ní mór na táillí iomlána is iníoctha ag an iarratasóir as an gcúrsa a bheith níos mó ná **€600** sa bhliain iarratais ábhartha. Is é **€5,000** in aghaidh na bliana an táille uasta ar ina leith a dhéanfar aisíocaíocht. Ní bhreithneofar ach táillí a bhaineann leis an mbliain acadúil a ndearnadh an t-iarratas ina leith.

- Bíonn an cistiú don scéim seo ag brath ar an mbuiséad arna leithdháileadh ar an Roinn Oideachais agus Óige.
- Leithdháilfear 80% den chistiú don Scéim Aisíoctha Táillí Múinteoirí chun aisíoc táillí a sholáthar do mhúinteoirí cláraithe atá ag tabhairt faoi chláir ábhartha ar aon dul leis na tosaíochtaí beartais i bpríomhréimsí. Laistigh den réim cistiúcháin sin, is ar bhonn pro rata a leithdháilfear cistí chun go bhfaighidh na hiarratasóirí rathúla uile an céatadán céanna dá dtáillí incháilithe.
- Leithdháilfear an 20% atá fágtha den chistiú chun aisíoc táillí a sholáthar le haghaidh cúrsaí nach bhfuil nasctha go díreach leis na príomhréimsí tosaíochta ach a chomhlíonann na critéir incháilitheachta dá ainneoin sin. Laistigh den réim cistiúcháin sin, is ar bhonn pro rata a leithdháilfear cistí chun go bhfaighidh na hiarratasóirí rathúla uile an céatadán céanna dá dtáillí incháilithe.
- I gcás go bhfuil an t-iarratasóir ag fáil aon íocaíochta/fhóirdheontais cheana féin le haghaidh costas an chúrsa i gceist a chumhdach, laghdófar faoi shuim na híocaíochta sin/na n-íocaíochtaí sin suim na dtáillí atá incháilithe lena n-íoc. Tá sé de fhreagracht ar an iarratasóir faisnéis a thabhairt san fhoirm iarratais uaidh/uaithi faoi aon íocaíocht/aon fhóirdheontas atá faighte aige/aici le haghaidh chostas an chúrsa.
- Mura ndearbhaítear na fóirdheontais/liúntais uile, dearbhófar an t-iarratas a bheith ar neamhní go hiomlán.
- Ní incháilithe le haghaidh na scéime atá cúrsaí a fhaigheann lánchistiú nó páirtchistiú ón Roinn Oideachais agus Óige nó ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta cheana féin, bíodh sé go díreach nó go hindíreach.
- Maidir le cúrsaí atá ina macasamhail de chúrsaí atá á soláthar ag an Roinn Oideachais agus Óige cheana féin agus a bhfuil áiteanna ar fáil dóibh, tiocfaidh siad faoin réim cistiúcháin 20%. Más rud é go ndearna tú iarratas ar chúrsa a fhaigheann cistiú ón Roinn Oideachais agus Óige ach nach raibh tú in ann é a rochtain, cuir cruthúnas air sin isteach i dteannta d’iarratais.
- Eiseofar íocaíocht a luaithe a dhéanfar cinneadh.
- Ba cheart d’iarratasóirí a thabhairt faoi deara gur féidir go mbeidh faoiseamh cánach ar fáil faoi alt 21 den Acht Airgeadais, 2000 – Faoiseamh i leith táillí iarchéime agus táillí áirithe tríú leibhéal.
- Má dhéantar iarratas rathúil ar aisíocaíocht faoin Scéim in aon bhliain ar leith, ní chinnteofar leis sin go huathoibríoch go ndeonófar aisíocaíocht i gcás aon iarratas ar an gcúrsa céanna in aon bhliain ina dhiaidh sin.

## Fógra a thabhairt do Mhúinteoirí

**Tarraing aird na mball foirne teagaisc uile, lena n-áirítear iad sin atá ar saoire, ar iasacht nó ar shos gairme, ar an gciorclán seo.**

Maresa Duignan
Príomhoifigeach
An Rannóg um Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí
12 Eanáir 2026

…..